

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T65
Ainm an Agalláí	Pádraig Ó Gallchóir
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	17/10/2006
Suíomh an Agallaimh	Gleann Domhain, Mín an Lábáin
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

`_____`

`_____` + `

....

[]

Tosach lochtach

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

PÁDRAIG: Bhí mé fosta ar an Lagán. Bhí mé fosta thíos in Inis Eoghain, sé mhí. Bhí mé fosta i nDoire, síos an *Waterside*, sé mhí. Agus bhí mé fosta thart fán, fá, fán bhaile anseo, roimhe sin, nuair a bhí mé....

DÓNALL:An raibh?

PÁDRAIG: Óg. Seacht, sé deag nó seacht déag bhliana.

DÓNALL: *Mmm.*

PÁDRAIG: Agus *eh*. Á, sin, sin áit a raibh mé fosta, ó comharsa a bhí ann, Ned Phrionsias agus *eh*, bhí a, bhí a bhean breoite ach choinnigh siad i gcónaí girseach ansin ar fostaíocht fosta ach cibé dóigh a rinne siad, cibé sóirt aráin a rinne siad cibé a chur siad san arán, cha raibh blas ariamh agam air. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

PÁDRAIG: Ach *anyway*, bhí mé ansin ar feadh geimhreadh.

DÓNALL: Sea.

PÁDRAIG: Sé mhí achan gheimhreadh. Sa gheimhreadh deireadh a bhí mé ann, ghlac mé *biles*??? B'éigean domh a theacht na bhaile ar feadh cúpla seachtain. *Bile*??

DÓNALL: Tá a fhios agam, sea.

PÁDRAIG: Caithfidh sé go raibh mé *undernourished* (gáire).

DÓNALL: Sea, leis an droch aran a bhí tú ag fáil (gáire).

PÁDRAIG: *So. So*, an áit deireannach a bhí mé, bhí sé thíos i nDoire ach bhí, bhí na daoine sin, bhí siad iontach maith anois, *Kennedys*, a bhí orthu. Agus *eh*, nuair a, ó bhí, *farmers* a bhí iontu. Níor, níor choinnigh siad mórán ba nach a leithéid sin ach bhí, bhí fear eile in aice, in aice, *Craig, James Craig*, choinnigh sé dhaichead bó.

DÓNALL: Tá a fhios agam

PÁDRAIG: Bhí trí ná cheathair ar fostaíocht ansin aigesan. Ach fuair seisean '____' isteach go Doire ansin. *So*, ó bhí na daoine, na *Kennedys* ann, bhí siad, bhí siad maith go leor. Bhí mé sásta go leor leofa.

DÓNALL: Bhí. Agus caidé, caidé an tuarastal a fuair tú fá choinne sin?

PÁDRAIG: Deich bpunt, deich bpunta go leith.

DÓNALL: Deich bpunta, sea.

PÁDRAIG: Fá choinne sé mhí.

DÓNALL: Fá choinne sé mhí.

PÁDRAIG: Deich bpunt go leith.

DÓNALL: Á, bhí sé go measartha, an raibh?

PÁDRAIG: *Mmm?*

DÓNALL: Ní raibh caill air. Bhí sé go measartha san am.

PÁDRAIG: Ó bhí sé go maith agus a bhí ag gabháil.

DÓNALL: Bhí.

PÁDRAIG: Cha raibh fairsingeacht ar bith airgid.

DÓNALL: Ní raibh.

PÁDRAIG: Cha raibh fairsingeacht ar bith airgid. Ag, ag duine ar bith.

DÓNALL: Ag aon duine, ní raibh.

PÁDRAIG: Cha raibh leoga. Ach *anyhow*, tháinig mé na bhaile ansin agus ní raibh mórán (gáire), le fáil sa bhaile ach an oiread.

DÓNALL: Ní raibh.

PÁDRAIG: *So*, ó bhí mé ag obair ag daoine thall agus abhus, baint féir agus rudaí den tsóirt sin san fhómhair. Ní raibh tú ábalta, thugadh siad leathchoróin sa lá duit.

DÓNALL: Ó *Jeez*.

PÁDRAIG: (Gáire)

DÓNALL: Ní raibh tú saibhir.

PÁDRAIG: Bheifeá sásta go leor (gáire)

DÓNALL: Dá bhfaighfeá leathchoróin sa lá. *Jesus*, ní raibh tú ag gabháil a bheith saibhir ar scor ar bith.

PÁDRAIG: *Eh?*

DÓNALL: Ni raibh tú ag gabháil a bheith saibhir ar scor ar bith.

PÁDRAIG: *No.*

DÓNALL: Right bhuel a John, a Pháidí. Inis anois domh do cuimhne agat ar am na trioblóide, na Black and Tans. Tá cuimhne agat orthu fosta.

PÁDRAIG: Ó, is cuimhin liom na *Black and Tans* a bheith thart anseo cinnte. Is cuimhin liom nuair a bhí duine, beirt nó tríur, tríur ansin ag ól braon beag, sa chistín ansin agus caidé `___' *anyhow* ach tháinig na *Black and Tans* thart fan doras seo ar maidin go luath. Bhí m'athair agus mo mháthair ina chónaí thuas sa chistín, sa chistíneach, bhí an leaba acu taobh thiar den chistín ach *anyhow* tháinig siad chun doras, `___' acu agus *knockáil* ar an doras agus bhí, an t-am sin, bhí, bhí bolt aigesan ar an doras ar an taobh istigh, tharraing sé é féin, bolt iarainn.

DÓNALL: Sea.

PÁDRAIG: Agus bhí siad ag deanamh a ndícheall leis an doras a chur isteach, ansin chuir siad isteach é.

DÓNALL: Chuir siad isteach an doras.

PÁDRAIG: Sula bhfuair sé é foscailte. *So* tá cuimhne agam ansin, *so* bhí siad ansin agus thug siad, chaith siad amach, bhí gunna aige agus bhí siad, bhí siad a lorg an ghunna.

DÓNALL: *Mmm.*

PÁDRAIG: Ach cha raibh an gunna, d'fhág seisean an gunna amuigh agus amach as an chasán.

DÓNALL: (Gáire) Ní bhfuair siad gunna ar bith.

PÁDRAIG: Ní bhfuair siad gunna ar bith.

DÓNALL: *No.*

PÁDRAIG: Ach is cuimhin liom, sin na *Black and Tans*, bhí siad garbh.

DÓNALL: Ó bhí siad garbh.

PÁDRAIG: Bhí. *So*, ó, tháinig siad isteach ansin agus *raidáil* siad an teach, *ramsackáil* siad.

DÓNALL: Bhris siad achan rud go díreach.

PÁDRAIG: Stróic siad achan uile. (Gáire)

DÓNALL: *Jesus*, iad na.

PÁDRAIG: Sin, sin na *Black and Tans*. Ach ó.

DÓNALL: Diabhail, diabhail cheart nach bé?

PÁDRAIG: *Eh?*

DÓNALL: Droch dhaoine a bhí iontu. *But* tá cuimhne agat ar *Charlie Daley* agus an IRA agus iad ar?

PÁDRAIG: Á, bhuel chuala mé cuid mhór fá dtaobh de *Charlie Daley*, cinnte, ach, o chuala mé cuid mhór scéalta fá dtaobh de cinnte. Ní thiocfadh liom cuid mhór a inse duit anois fá dtaobh de. Bhí, bhí fear eile as Gleann Súile, Mac Fhionnghaile.

DÓNALL: *Mick Mc Ginley*, an bé?

PÁDRAIG: *Mick Mc Ginley*.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

PÁDRAIG: *Ag scaoileadh??* san am fosta.

DÓNALL: Bhí.

PÁDRAIG: *Aye, Mick Mc Ginley.*

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agat air?

PÁDRAIG: Tá.

DÓNALL: Tá.

PÁDRAIG: Tá go díreach, tá, tá cuimhne agam ar sin. Tá leoga. Ó bhí, bhí deartháir aige a chuaigh thart anseo le *grocery van*, *Hughie* sílim a bhí air. Ba ghnách leis a thart fán bhaile seo le *grocery van*.

DÓNALL: *Yeah.*

PÁDRAIG: Sin deartháir.

DÓNALL: Ach d'ím..., d'ímigh *Mick*, d'ímigh sé go, go Meiriceá, nár imigh? Bhí sé ar a sheachnadh, nach raibh?

PÁDRAIG: *Mmm?*

DÓNALL: Bhí *Mick*, bhí sé in, ar a sheachnadh, d'ímigh sé amach as an tír, nár imigh?

PÁDRAIG: *A sure*, d'ímigh sé

DÓNALL: *Mmm.*

PÁDRAIG: D'ímigh.
